



General Certificate of Secondary Education
2023

Drámaíocht

Comhpháirt 3

Eolas agus Tuiscint ar Dhrámaíocht



G9263

[G9263]

DÉ LUAIN 15 BEALTAINÉ, IARNÓIN

AM

1 uair 30 nóiméad.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá leis seo.
Scríobh do fhreagraí ar an Leabhrán Freagraí.
Freagair **gach** ceist ar do **dhráma roghnaithe**.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é **80** an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na lámhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i **ngach ceist**. Tá cead agat úsáid a bhaint as cóip ghlan de do théacs dualgais don scrúdú seo.

LEATHANACH BÁN

An téacs atá leagtha síos

Thíos faoi tá an téacs dualgais atá leagtha síos don scrúdú seo.

Tiontaigh chuig an leathanach a bhaineann leis an téacs a bhfuil staidéar déanta agat air.

Scríobh do fhreagraí ar Cheisteanna 1, 2 agus 3 ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil.

Téacs

Leathanach

Ridley: *Sparkleshark*

4

Ridley: Sparkleshark

1 Caith tuairim is 20 nóiméad ar cheisteanna 1(a) agus 1(b).

(a) Tabhair breac-chuntas gairid ar na smaointe a ndearna tú taighde orthu do léiriú de **Sparkleshark** ag déanamh tagairt do:

- coinbhinsiúin amharclainne an dráma; agus
- seánra an dráma.

[6]

(b) Ag tagairt d'imeacht amharclainne, beo nó taifeadta, atá feicthe agat, mol smaoineamh amháin **SOILSITHE** a thiocfadh leat a chur isteach i do léiriú.

- Scríobh teideal an imeachta amharclainne a chonaic tú;
- cuir síos ar an smaoineamh ón imeacht seo;
- déan anailís ar an dóigh a dtiocfadh leat úsáid a bhaint as an smaoineamh seo i do théacs dualgais; agus
- luacháil cad é is mian leat a bhaint amach do do lucht féachana.

[12]

2 Caith tuairim is 30 nóiméad ar cheisteanna 2(a) agus 2(b).

(a) Tarraing agus lipéadaigh sceitse feistis do **Buzz** nuair a thagann sé isteach sa dráma den chéad uair.

Ba chóir duit tagairt a dhéanamh do:

- dath, cruth, ábhair, smideadh; agus
- aon oiriúintí cuí agus aon fhearais phearsanta chuí (fearas stáitse).

[12]

(b) Cosain do rogha smaointe a cuireadh i láthair i gcuid (a).

Ba chóir go gcuirfeá san áireamh:

- an tréimhse ina bhfuil an dráma suite;
- stádas sóisialta an charachtair; agus
- athfhriotal cuí **amháin** le tacú le do fhreagra.

[12]

3 Caith tuairim is 40 nóiméad ar cheisteanna 3(a), 3(b) agus 3(c).

Amharc ar na línte nuair atá Jake ag insint an scéil i dtreo dheireadh an dráma.

SPEED Who are you in all this anyway?
JAKE I'm ... her father.
Sos beag
RUSSELL The King!
CAROL The one who wouldn't let her have a flower in her hair?
BUZZ The one who banished her?
JAKE That's me!
SPEED Then it *is* your fault!
RUSSELL Where you been all this bloody time?
JAKE After what I did to my daughter ... I realised I was wrong. I ... I was so upset. I hid. Wouldn't show my face. Thought no-one would want to see my face anyway. But then ... then I realised. That wasn't the answer. It just made the problem worse. So now ... now I'm not hiding any more. I'm here to save my daughter. Save her from the Dragon. Is there anyone brave enough to help me? (14 líne de théacs)

(a) Tarraing plean stáitse don tsliocht a chuimsíonn:

- bealaí amach agus bealaí isteach;
- seit;
- suíomh an lucht féachana; agus
- suíomhanna na gcarachtar ar na línte tosaigh. [10]

(b) Mar stiúrthóir, tabhair comhairle do na haisteoirí ar an dóigh a bhféadfadh siad an sliocht a chleachtadh do thaibhléiriú. I do fhreagra, déan tagairt:

- don atmaisféar agus don chomhthéacs;
- d'úsáid smaoinimh amháin don réamhchleachtadh; agus
- don téacs. [14]

(c) Mar aisteoir ag déanamh páirt **Jake**, tabhair samplaí den dóigh a mbainfeá úsáid as **gotha gnúise** i dtaibhléiriú an tsleachta s'agat. Déan tagairt dhíreach don téacs. [14]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Sources

Ridley.....© Sparkleshark by Philip Ridley (ISBN: 978-0573051227) Published by Samuel French, 1997

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.